lyit

Institiúid Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute
of Technology

PLEAN STRAITÉISEACH

Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama
Gheatabhealach an Iarthuaiscirt

2014-17

Design: 2b:creative +44 28 9266 9888 | **Print:** Browne Printers Limited +353 74 912 1387

lyit

Institiúid Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute
of Technology

Bóthar an Chalaidh, Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall, Éire

Port Road, Letterkenny
County Donegal, Ireland

Telephone +353 74 918 6000
Fax: +353 74 918 6005

www.lyit.ie

lyit | oideachas á chur ar feadh an tsaoil

Ábhair

Réamhrá 4

Ráiteas an Chathaoirligh 8

1. Brollach 10

2. Ráiteas Misin, Ráiteas Físe & Croí-Luacháil 10
   - 2.1 Ráiteas Misin
   - 2.2 Ráiteas Físe
   - 2.3 Croí-Luacháil

3. Fearainn & Aidhmeanna Straitéiseacha 16
   - a) Foghlaim agus Teagasc
   - b) Taithí Mhac Léinn
   - c) Taighde, Nuálaíocht, agus Fiontar
   - d) Comhoibriú agus Rannpháirtíocht Réigiúnach
   - e) Inbhuanaitheacht agus Úsáid Acmhainní

4. Spriocanna Institiúideacha & Pleananna Réimse Feidhme 24
   - 4.1 Comhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean
   - 4.2 Tagarmharcáil Institiúide
   - 4.3 Pleananna Réimsí Fheidhmiúla

5. Forbairt Plean 30
   - 5.1 Comhthéacs Pleanála Straitéisí
   - 5.2 Plean Straitéiseach – Scanadh Timpeallachta
   - 5.3 Comhairle ar Dhréacht-Doiciméadacht

6. Leabharliosta 42

lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil

Réamhrá

Bhí frámú an Phlean Straitéiseach seo iontach deacair de bharr na círéibe a d'fhulaing ardoideachas le sé bliana anuas. Nuair a thosaigh muid ar chur i bhfeidhm an phlean roimhe seo, ó 2007-13, bhíomar dóchasach as an bhealach a bhí romhainn. Bhí ár bplean bunaithe ar an Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-13, a raibh tacaíocht an Rialtais leis, agus a bhí an-soirbh ar fad. Sa bhliain 2007, rinneadh institiúid ainmnithe den LYIT faoin Údarás um Ard-Oideachas (HEA) agus is é Coláiste Turasóireachta na gCealla Beaga an ceathrú scoil acadúil atá againn. Mar gheall ar an fhócas ar chomhpháirtíochta trasteorann, táimid uaillmhianach agus tógtha faoinár gComhaontas ar Gheatabhealach an Iarthuaiscirt le hOllscoil Uladh atá ag teacht chun cinn.

Cé gur fhan an uaillmhian agus gur baineadh amach cuid mhór d'obair mhaith i rith saoil an phlean dheireanaí, caitheadh scáil air seo go leanúnach de bharr tionchair na laghduithe sa mhaoiniúchán agus an gearradh siar san fhoireann, cé ag an am céanna gur lean muid ar aghaidh ag ardú ár gclárúchán mac léinn agus ag leathnú amach ar gcúrsaí.

Nuair a foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go 2030 (Eanáir 2011), thug sé isteach tacar nua paraiméadair d'fhorbairt ar Ardoideachas na hÉireann. Fócas suntasach den straitéis ab ea an fhorbairt ar chreat comhleanúnach d'ardoideachas a éascódh comhoibriú ar fud an chórais. Thoimhdigh an moladh faoi chnuasanna réigiúnacha agus ollscoileanna teicneolaíochta athstruchtúrú ar an earnáil, agus ag an am céanna dhírigh an fócas ar threoanna nua polasaí i dtaca leis an bhéim ar theagasc agus ar fhoghlaim agus ar chomhpháirteachas an chláir oibre.

I rith an ama seo, d'fhan an LYIT dílis do phríomhéirim an phlean roimhe sin. A bhuíochas do chomhoibriú láidir ón fhoireann, cuireadh i bhfeidhm creat úr de mhodúlú agus de seimeastrú sa bhliain 2007 agus rinneadh athbhreathnú air ina dhiadh sin in 2012. B'é an tionchar a bhí ag seo ná athrú suntasach a dhéanamh ar an dóigh ina raibh cúrsaí á n-ofráil san LYIT agus níos mó roghanna agus solúbthachta a gcruthú do na mic léinn.

Le meon forbartha caipitiúla rinneamar infheistíocht do fhairsingiú CoLab agus fuaramar maoiniú fá choinne Páirc Eolaíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt, arís ar bhunús trasteorann. Sa bhliain 2011, láinseáladh ár Lárionad d'Fhuinneamh Gaoithe sna Cealla Beaga agus d'oscail an Taoiseach, Enda Kenny, TD, ár n-áiseanna úr eolaíochta sa bhliain 2012.

Lena chois sin, bhí athrach substaintiúil i bpróifíl ár bhfoireann siocair go ndeachaidh mórán baill foirne oilte ar scor in 2012. Rinne an fhoireann atá againn san am i láthair a seacht ndícheall chun leanúint de bheith ag tabhairt seirbhís dhearfach dár mic léinn.

Nuair a d'fhoilsigh an HEA Towards a Future Higher Education Landscape (Feabhra 2012), leagadh síos bunchuspóirí do chnuasanna réigiúnacha d'institiúidí comhoibríocha maraon leis an chritéir i gcomhair sonrúcháin dhá cheann, nó níos mó, d'Institiúidí Teicneolaíochta comhcheangailte mar Ollscoil Teicneolaíochta.

Síneadh Comhaontas Connacht-Uladh (CUA) i mí Lúil na bliana 2012 ar mhaithe le clúdach a thabhairt don ghníomhaíocht chomhoibritheach idir an LYIT, IT Shligigh agus GMIT; a bhuíochas don chomhaontas seo tá an LYIT tiomanta chun seachadadh a dhéanamh ar chuspóirí straitéiseacha chomhaontaithe a shásaíonn riachtanais réigiún Chonnacht-Uladh.

Thug Tuairisc chuig an Aire ón HEA (Aibreán 2013) mionchuntas ar an chomhrá straitéiseach agus an múnla d'fheidhmiúchán cistiúcháin a bhí molta d'earnáil an ardoideachais agus moladh go mbunófaí cúig chnuas réigiúnacha. Bhí an LYIT san áireamh i gCnuas an Iarthair/an

Iarthuaiscirt, mar a thugtar air anois, leis na baill eile de CUA agus d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

I mí Dheireadh Fómhair 2013, chuir an LYIT a céad dréacht de Chomhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean chuig an HEA don tréimhse 2014-16. Tá na comhaontaithe mar bhonn agus thaca ag an bhogadh go dtí an maoiniú feidhmiúcháin, agus do LYIT cuireadh an comhaontú i gcrích ag uair nach raibh an Institiúid ach ar thob tús a chur le chéile an Phlean Straitéiseach 2014-17.

Dá bhrí sin, i bhforbairt plean don chéad trí bliana eile, 2014-17, rinneadh machnamh ar iomlán a chuaigh roimhe agus ar iomlán atá romhainn sa todhchaí. Léiríonn an plean an comhaontú feidhmiúcháin leis an HEA agus ar an tséala sin nochtadh adracht feidhmíochta go nádúrtha tríd an phróiseas.

Glacann comhoibriú ceannas ar earnáil an ardoideachais agus dhéanfaidh an Comhaontas Connacht-Uladh (CUA), Cnuas an Iarthair/an Iarthuaiscirt agus an chnuasach d'ardoideachas trasteorann atá molta, dhéanfaidh siad sin go hiomlán sainmhíniú ar thodhchaí an LYIT.

Caithfimid díriú isteach ar cad é go díreach a thig le LYIT a sheachadadh do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt seo, ag comhoibriú leis na páirtithe leasmhara go léir, cibé tá siad ar an oileán nó áit ar bith eile, lena chinntiú go leanfaidh an réigiún a bhfuilimid ag freastail air ag dul chun cinn sa todhchaí.

Tá ar dtiomantas leagtha síos sna leathanaigh seo; táimid dóchasach faoinár dtodhchaí agus tá súil againn tógáil ar na péacáin ghlasa atá le feiceáil in athshlánú na heacnamaíochta. Leanfaidh muid ar aghaidh ar thús cadhnaíochta don athrach agus lena chinntiú go dtabharfaidh ár ngníomhaíochtaí go léir toradh níos fearr dár mic léinn, dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara ábhartha. Is dócha go leanfaidh círéib na mblianta deireanacha ar aghaidh ach caithfimid a bheith ábalta fáil thairis agus ár n-uaillmhianta a sheachadadh.

Paul Hannigan
Uachtarán

lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil

Ráiteas an Chathaoirligh

De nádúr, bíonn plan i gcónaí mianaidhmeach agus ionchasach. Tá measarthacht solúbthachta de dhíth ar phlean maith ionsuite maraon le foireann aontaithe agus fócasaithe chun é a thabhairt chun críche. Mar Chathaoirleach ar an Bhord Rialaithe ó Dheireadh Fómhair 2013, tá mé dóchasach gur féidir lenár bhfoireann san LYIT na torthaí atáthar ag tnúth leo faoin phlean seo a bhaint amach.

Ag amharc chun tosaigh, tá an Léiriú Spéise don Athainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta, curtha chun tosaigh ag Comhaontas Chonnachta-Uladh mar atá beartaithe, tá sé ag cur in iúl deimhneachas i bhfad níos mó sa cheantar i ndiaidh tréimhse chrua, lán déin agus gruaim.

Cuimsíonn an Plean Stratéiseach spiorad na comhoibre agus na comhspéise chun timpeallacht eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha a bheas inbhuanaithe a bhaint amach chun tallann chéimí a thraenáil agus a choimeád sa réigiún.

Ag guí gach rath leanúnach ar iomlán a raibh baint acu leis an phlean seo agus ná bíodh lá amhrais oraibh nach bhfaighfidh sibh tacaíocht i gcónaí ó bhallraíocht an Bhord Rialaithe.

Fintan Moloney
Cathaoirleach

1. Brollach

Is é Plean Straitéiseach 2014-17, *Ár dTiomantas do Réigiún Foghlama Gheatabhealach an Iarthuaiscirt*, an tríú plean straitéiseach de chuid an LYIT. Bhí amscála cúig bliana ag an dá phlean roimhe seo; mar sin féin, siocair an t-athrach suntasach atá ar siúil san am i láthair in ardoideachas in Éirinn, cinneadh ag an tráth seo tréimhse chur i ngníomh níos dírithe a roghnú. Is é trí bliana acadúla atá i bhfeidhm anois agus déanfar spreagadh suntasach a chur i ngníomh ar mhaithe le seachadadh a dhéanamh ar an chlár uaillmhianach seo.

Léiríonn an tagairt i dteideal Geatabhealach an Iarthuaiscirt an tiomantas leanúnach do chomhoibriú trasteorann atá ag LYIT agus an réigiún seo a bhfuil straitéis náisiúnta aige. Is é comhoibriú an eochairfhócas den phlean seo, le rannpháirtíocht LYIT in dhá chnuasach réigiúnacha agus an rannpháirtíocht leanúnach sa Chomhaontú Connacht-Uladh. Lena chois sin, léiríonn an plean seo chomh maith tiomantas athnuaite do thuilleadh forbraíochta ar ár gcampas sna Cealla Beaga.

Bunaíodh próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ar mhaithe lena n-ionchair sna pleananna forbartha a fháil. Tugadh mórán den doiciméadú ar an chúlra ábhartha do na páirtithe leasmhara inmheánach, inar háiríodh athbhreithniú ar fheidhmíocht i rith tráthchlár an phlean straitéisí a chuaigh roimhe, aitheantas ar rudaí a d'fhéadfadh tionchar a beith acu ar pholasaí ardoideachais thar shaolré an phlean úir, agus próifíl mionsonraithe dár réigiún. Rinneadh athmheas suntasach ar an straitéis dheireanach i ndiaidh aiseolas mionsonraithe a fuarthas ó chruinnithe a bhí eagraithe sna rannóga agus leibhéal feidhme ar fud na hInstitiúide. Tá Ráiteas Misin athchóirithe agus Ráiteas Físe athchóirithe sa Phlean Straitéiseach 2014-17 chomh maith le soiléiriú ar na Bunluachanna a théann in áit Luachanna na hInstitiúide a bhí mionsonraithe roimhe sin.

Déantar cuspóirí ardleibhéil a ghrúpáil isteach i gcúig réimse straitéiseacha: Foghlaim agus Teagasc; Taithí Mac Léinn; Taighde, Nuálaíocht agus Fiontar; Comhoibriú agus Rannpháirtíocht Réigiúnach; agus Inbhuanaitheacht agus Úsáid Réigiúnach.

Bainfear amach pleanáil oibriúcháin agus cur i bhfeidhm trí phleananna nua do réimsí fheidhmiúcháin a bhriseann síos na cuspóirí ina ngníomhaíochtaí comhpháirteacha, a chruthaíonn seicheamhú oiriúnach na ngníomhaíochtaí luaite le hamlínte, a leagan síos an mhéadracht i gcomhair baint amach na gcuspóirí a thomhais, a aithníonn na sealbhóirí poist atá freagrach, agus a éascaíonn rianú an dul chun cinn in éadan gach uile chuspóir aonarach.

2. Ráiteas Misin, Ráiteas Físe & Croí-Luacháil

2.1 Ráiteas Misin

Dearbhóidh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn a próifíl thábhachtach náisiúnta d'fhoirfeacht in ardoideachas trí chlár forbartha uaillmhianach a lorg atá curtha ar an eolas ag polasaí poiblí, comhpháirteachas réigiúnach láidir agus tiomantas bunúsach d'éiteas mac léinn-lárnach

- Tábhacht Náisiúnta

- Gafa go Réigiúnach

- Mac Léinn -lárnach

2.2 Ráiteas Físe

Bheith aitheanta go forleathan mar institiúid ardoideachais den scoth do cháilíocht ár gcéimithe agus dár gcláracha oideachais atá dírithe ar fhostaíocht.

Leis an chaidreamh thar barr atá againn lenár mic léinn a choinneáil agus a bheith ina eiseamláir do sheirbhisí mac léinn agus áiseanna campais.

Le ról tábhachtach a bheith againn i gcur chun tosaigh forbairt réigiúin an Iarthuaiscirt a bhuíochas do thionscnaimh taighde, nuálaíochta agus fiontair agus dár gcomhpháirtíochtaí fadbhunaithe le comhlachtaí oideachais agus tionscail.

Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm polasaí poiblí agus go háirithe an straitéis ardoideachais náisiúnta, ag baint sochair as láidreacht faoi leith agus cuntas teiste an LYIT i rannpháirtíocht trasteorann.

lyit
Institiúid Teicneolaíochta
Leitir Ceanainn
Letterkenny Institute
of Technology

2.3 Croí-Luacháil

i)	**Ionracas –** Táimid freagrach, ionraice, trédhearcach, agus freagrach as ár ngníomhaíochtaí go léir.
ii)	**Cuimsiú –** Táimid fáilteach, urramach, tacúil, agus mac léinn-lárnach.
iii)	**Uaillmhian –** Táimid i gcónaí ag tabhairt dúshlán dúinn féin chun seachadadh a dhéanamh ar mhianaidhmeanna ár mic léinn, ár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara seachtracha.
iv)	**Sármhaitheas –** Táimid tiomanta do cur chuige dea-chleachtais a chuimsíonn iomlán leasanna na hInstitiúide, le béim ar fhoghlaim agus ar theagasc, ar thaighde, agus ar eispéaras na mac léinn.
v)	**Réigiún –** Táimid dírithe ar sheachadadh don réigiún straitéiseach náisiúnta seo trí rannpháirtíocht le gníomhaireachtaí forbartha, le fostóirí agus leis an phobal níos leitheadaí.
vi)	**Comhoibriú –** Táimid diongbháilte chun seachadadh a dhéanamh ar fhéidearthacht na gcnuasaigh réigiúnacha agus na gcomhaontais straitéiseacha atá ann cheana féin, agus le tuilleadh forbraíochta a dhéanamh ar pháirtíochtaí ar mhaithe le misean na hInstitiúide a bhaint amach.



3. Fearainn & Aidhmeanna Straitéiseacha

A. Foghlaim agus Teagasc

Tá LYIT tiomanta lena chinntiú gur féidir le mic léinn barr a gcumas a bhaint amach trí na foghlaimeoirí a chumasú le tuilleadh freagrachta a ghlacadh maidir lena gcuid foghlama féin ar chláracha staidéir d'ardcháilíocht shoiléir atá ar aon líne le riachtanais fostaíochta.

i) Ár gcultúr do mhic léinn-lárnach a fhorbairt agus tuilleadh tacaíochta a thabhairt do mhic léinn chun gur féidir leo a bpoitéinseal a thabhairt chun foirfeachta; i measc na dtionscnaimh tábhachtacha beidh éascú a dhéanamh ar an trasdul isteach san ardoideachas, ag spreagadh mic léinn chun freagracht níos mó a ghlacadh dá bhfoghlaim féin, agus ag ullmhú mic léinn do shaolré na foghlama.

ii) Cabhrú leis an fhoireann léachtóireachta lena bhforbairt leanúnach proifisiúnta, ar a n-áiritear: forbairtí ina ndisciplín áirithe féin, treochtaí i dteagasc agus foghlaim, teicneolaíochtaí nua, agus tionscnaimh de chuid an Fhóram Náisiúnta chun Teagasc agus Foghlaim a Fheabhsú.

iii) Sármhaitheas a chothú i ndearadh curaclaim lena chinntiú go mbeidh punann clár d'ardchaighdeán ar fáil a léireoidh láidreachtaí reatha i réimse STEM; déanfar an punann a thiocfas as sin i gcuideachta na gcuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha, le dea-chleachtas i dteagasc agus foghlaim, i modheolaíocht nuálach do mheasúnú, caighdeáin dámhachtana QQI, agus éileamh mac léinn.

iv) Feabhsú a dhéanamh ar struchtúir ag leibhéal na hInstitiúide a bheas mar bhonn agus thaca do mhianta ghairm bheatha na mac léinn agus, i gcomhpháirtíocht le fostóirí, bealaí a ofráil chuig fostaíocht; san áireamh sna tionscnaimh beidh tacaíochtaí gairm beatha comhtháite, forbairt scileanna cineálacha agus inaistrithe, cuairteanna ar thionscail, foghlaim seirbhíse, agus taithí oibre.

v) Modhanna a chur i bhfeidhm a aithníonn an iliomad bealaí atá ag méadú agus inar mian le mic léinn fáil a bheith acu ar chláracha staidéir, a chinnteoidh níos mó cothromaíochta i dtaca le rochtain na mac léinn páirtaimseartha ar chláracha agus seirbhísí, tuilleadh forbraíochta a dhéanamh ar mheicníochtaí RPL, agus a chinntiú go bhfuil cáilíocht na n-dámhachtana a fhaightear neamhspleách ón modh staidéir.

vi) Tógáil ar ár rath mar cheannródaí náisiúnta tríd an rannpháirtíocht atá ag méadú ó mhic léinn a gcuidítear leo ó Oifige Access (An Curve), na tacaíochtaí do na grúpaí mac léinn sin a fheabhsú, comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí sin le scoileanna acadúla, agus próisis Access a chomhtháthú tuilleadh laistigh de chreat do dhearbhú cáilíochta na hInstitiúide.

B. Taithí Mhac Léinn

Tá LYIT diongbháilte i dtaca le tógáil ar ár sárghaol atá againn lenár mic léinn trí oibriú go comhoibritheach leis na mic léinn ar gach eile ghné de sheirbhísí mac léinn agus ar áiseanna campais ar mhaithe le soláthair níos fearr a chur ar fáil do thaithí na mac léinn.

i) Tús áite a thabhairt do thaithí mac léinn i ngach uile ghné de ghníomhaíocht na hInstitiúide trí neadú a dhéanamh ar sheirbhís atá dírithe go hiomlán ar sármhaitheas, curtha ar an eolas ó rannpháirtíocht láidir leis na mic léinn agus atá buntacaithe ag modhanna de dhearbhú cáilíochta atá cruthaithe le cáipéisí.

ii) A chinntiú go bhfuil na spásanna go léir do chur ar fáil oideachas úrscothach, spásanna ginearálta teagaisc atá curtha le chéile go solúbtha maraon le go leor sainháiseanna breise, agus atá comhlánaithe ag rochtain ar acmhainní foghlama nua-aimseartha.

iii) Athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar thimpeallacht fhíorúil foghlama na hInstitiúide; áirithe anseo beidh scrúdú ar na deiseanna a thagann chun tosaigh de bharr teicneolaíochta nua agus tuiscint ar na heiseamláirí is fearr do fhoghlaim chumaisc.

iv) Seirbhísí tacaíochta mac léinn-lárnach a fheabhsú sa dóigh go mbeidh siad furasta a fháil, comhtháite agus sofhreagrach; beidh na seirbhísí seo cruthaíodh trí chaidreamh tábhachtach le mic léinn lena chinntiú go leanfaidh na seirbhísí ar aghaidh chun freastal ar ráchairt ó dhaonra mac léinn atá ag méadú.

v) Eispéireas an champas a bhisiú dár mic léinn, atá ag éirí níos ilchineálaigh, trí oiriúnacht áiseanna na hInstitiúide a chinntiú agus rochtain a bheith acu ar spásanna taitneamhacha do chaidreamh sóisialta agus caitheamh aimsire.

vi) Tacaíochtaí a forbairt do mhic léinn idirnáisiúnta, idir nua agus ag fágáil araon, leanúint de bheith ag tabhairt tacaíocht do mhalartú léachtóireachta, foghlaim teanga agus tuiscint chultúrtha a spreagadh, tionscnaimh chomhoibritheacha a fhorbairt le páirtithe náisiúnta agus páirtithe idirnáisiúnta araon, agus seachadadh a dhéanamh ar dheiseanna a ghineann ioncam.

C. Taighde, Nuálaíocht, agus Fiontar

Tá fócas an LYIT ar chreat oiriúnach de thacaíochtaí taighde a chruthú ar mhaithe leis na hionaid taighde atá ann cheana féin a chothú agus a chur chun cinn, comhoibriú le hinstitiúidí comhpháirteacha a bhaint amach; chomh maith leis sin, leanfaidh an Institiúid ag ofráil réimse leathan seirbhísí do fhiontair áitiúil tríd an CoLab agus an NWRSP.

i) Forbairt a dhéanamh ar Phlean Taighde athbhreithnithe a thabharfas tús áite do ionaid taighde bhunaithe (go háirithe Geatabhealach WiSAR – ionad taighde EI Teicneolaíocht do Ghréasán Geatabhealaigh), réimsí taighde le poitéinseal follasach atá ag teacht chun cinn a spreagadh, soláthar a dhéanamh do cheannaireacht taighde níos fearr, scileanna taighde agus nochtadh ar thaighde laistigh de chláracha fhochéimí a neadú, nascadh le haidhmeanna taighde na Scoileanna aonaracha.

ii) Teagmháil le scoileanna na hInstitiúide, le baill foirne taighde agus go comhoibritheach le hinstitiúidí comhpháirtithe chun déanamh cinnte gó gcoinneoidh LYIT an Ceadú Taighde ó QQI ag Leibhéal 9 agus Leibhéal 10 den NFQ agus go bhféadfar Ceadú Taighde agus Creidiúnú Taighde a leathnú amach go réimsí inar thaispeáin an tInstitiúid a cuid láidreachtaí.

iii) An taithí taighde atá ag mic léinn taighde a fheabhsú a bhuíochas do na prionsabail ginearálta a rialaíonn taighdeoirí, mar atá leagtha síos sa Chairt Eorpach um Thaighdeoirí, a shásamh; beidh forbairt ar Lámhleabhar nua don Mac Léinn Taighde tábhachtach sa chás seo.

iv) Déanamh cinnte go bhfuil na tacaíochtaí atá ag an Institiúid d'fhiontar agus do thionscail inrochtana ar fáil go furasta trí phointe amháin teagmhála agus seirbhísí breise a fhorbairt trí Pháirc Eolaíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRSP) agus trí ionad gorlainne, fiontair, taighde agus forbairt na hInstitiúide, CoLab.

v) Fóram Tionscail agus Fostaíochta an Iarthuaiscirt a bhunú ag leibhéal na hInstitiúide (ina mbeidh ionadaithe na bhfostóirí, comhlachtaí ábhartha a chruthaíonn polasaí, gníomhaireachtaí forbartha, agus saineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta) agus sochar a bhaint as a fhéidearacht d'fhorbairt eacnamaíochta an réigiúin agus an fothaca luachmhar gur féidir leis a thabhairt don Institiúid.

D. Comhoibriú agus Rannpháirtíocht Réigiúnach

Tá LYIT tiomanta chun uasmhéadú a dhéanamh ar na buntáistí uathúla atá mar thoradh ar ár gcuimsiú in dhá chnuasach réigiúnacha agus de bharr rannpháirtíocht láidir le páirtithe leasmhara tá ról tábhachtach aici i bhforbairt réigiúnach agus ag cur chun cinn oidhreacht chultúrtha shaibhir an réigiúin.

i) Cnuasach Réigiúnach d'Institiúidí Ardoideachais a bhunú i gceantar an Iarthair/an Iarthuaiscirt, ag giaráil ár dtiomantas agus ár bpáirtíocht le Comhaontas Connacht-Uladh, agus tógáil ar an stair de chomhoibriú trasteorann a bhuíochas do bhunú Cnuasach FE agus HE trasteorann an Iarthuaiscirt.

ii) Bealaí foghlama réigiúnacha a mhapáil leis na pairtnéirí FEI agus HEI ar mhaithe le deiseanna dul chun cinn atá curtha in iúl go soiléir do mhic léinn, le fócas ar athbheochan an dul chun cinn dréimreach, ar a n-áirítear soláthar de dheiseanna nua do mhic léinn le bheith in ann fáil a bheith acu ar réimse leathan de chláracha a bhfuil ráchairt mhór orthu.

iii) Plean do rannpháirtíocht ghníomhach le grúpaí de pháirtithe leasmhara a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuidiú leo ina ngníomhaireachtaí faoi leith, ar a n-áirítear grúpaí pobail, scoileanna, fostóirí sa tseirbhís phoiblí, tionscal príobháideach, agus gníomhaireachtaí forbartha; tabharfaidh an rannpháirtíocht seo aghaidh ar fhorbairt réigiúnach agus beidh sé dírithe ar chur chun cinn oidhreacht an réigiúin, go háirithe teanga na Gaeilge.

iv) Mionsonrú agus cur i bhfeidhm a dhéanadh ar phlean earcaíochta saincheaptha mac léinn a mhéadaíonn cumarsáid éifeachtach na hInstitiúide, gníomhaíocht spriocdhírithe margaíochta, teagmháil láidir le scoileanna, litríocht cláir den scoth, láithreacht nuálach de na meáin sóisialta, agus suíomh gréasáin d'ardcháilíocht.

v) Sochar a bhaint as na barainneachtaí scála de bheith ag obair go comhoibritheach le gréasán soláthraithe maidir le seirbhísí malartacha agus chomh maith leis sin dul chun cinn a dhéanamh ar dhianghníomhaireachtaí acmhainne, macasamhail Ríomhfhoghlaim, soláthar iarchéime, tacaíochtaí taighde, agus dianiarrachtaí idirnáisiúnaithe.

E. Inbhuanaitheacht agus Úsáid Acmhainní

Tá LYIT tiomanta chun níos mó comhordú a bhaint amach idir a comhlachais áirithe polasaí agus straitéise, inniúlacht na hInstitiúide do ghabháil sonraí agus do chinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a fheabhsú, agus ag glacadh céimeanna suntasacha i gcur i bhfeidhm straitéise.

i) Athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlachais na hInstitiúide i dtaca le bunpholasaí agus straitéise (Comhairle Acadúil, Coiste Feidhmiúcháin agus Comhairle Feidhmiúcháin) le soláthar dá n-oibriúchán éifeachtach leanúnach, dea-chleachtas aitheanta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go dtacaíonn na comhlachais sin le chéile agus leis an Bord Rialaithe chun cuspóir na hInstitiúide a bhaint amach.

ii) Pleanáil oibriúcháin a fheabhsú agus forbairt a dhéanamh ar phleananna nua do réimsí feidhmiúcháin a leagfas síos an dóigh ina dtabharfar aghaidh ar na haidhmeanna leitheadacha atá sa phlean straitéiseach seo.

iii) Trí chur i bhfeidhm an Plean Acmhainní Daonna, a chinntiú go leanfaidh an Institiúid ar aghaidh mar thimpeallacht a bheas fabhrach do chaidreamh gníomhach táirgiúil, go gcuirfear na tacaíochtaí riachtanacha ar fáil d'fhoireann na hInstitiúide le haidhm LYIT a sheachadadh, go mbeidh leibhéil oiriúnach foirne ann, agus go ndéanfar soláthar d'fhás pleanáilte na hInstitiúide.

iv) Cur chuige bunaithe ar riosca a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht thograí straitéiseacha le fócas faoi leith ar imeacht neamhbheartaithe ón aidhm, ar riosca airgeadais agus ar riosca clú; agus tuilleadh forbraíochta a dhéanamh ar an chreat pleanála reatha tríd an Chomhairle Acadúil agus an Choiste Feidhmiúcháin, a chuirfidh ar an eolas athbhreithniú ar phortfóilió clár na hInstitiúide.

v) Modh oscailte trédhearcach a úsáid le dhul i dteagmháil leis an HEA a bhuíochas do phróiseas straitéiseach comhrá agus an t-aistriú go cistiú feidhmíochta, tógáil ar inniúlacht na hInstitiúide i dtaca le gabháil sonraí, aithne a chur ar eochairtháscairí feidhmíochta oiriúnacha, spriocanna a ghrinniú i gcomhair réimsí feidhmiúcháin aonaracha leis an dlúthchomhaontaithe, agus feidhmíocht a thomhais i gcoinne na spriocanna sin.

Bay View Hotel
FINN VALLEY OIL
G 185

lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil
TRIPLEX
C.186

4. Spriocanna Institiúideacha & Pleananna Réimse Feidhme

4.1 Comhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean

Chuir an LYIT a céad dréacht dá gComhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean chuig an HEA go luath i mí Dheireadh Fómhair 2013 nuair a bhí an obair ar an phlean straitéiseach ina thús. Léirigh an comhaontú an smaoineamh a bhí san Institiúid ag an am agus chur an comhaontú ar fáil creat d'fhorbairt an phlean straitéise seo. Beidh meaitseáil de na réimsí straitéiseacha den phlean seo leis na spriocghrúpaí sa Chomhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean ina ghné thábhachtach de na pleananna do na limistéir feidhme.

Straitéis LYIT 2014-17 Réimsí Straitéiseacha	Comhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean Eilimintí
A. Foghlaim agus Teagasc	1. Cnuasaigh Réigiúnacha 2. Rannpháirtíocht, comhrochtan agus foghlaim fadsaoil
B. Taithí Mhac Léinn	3. Sártheagasc agus sárfhoghlaim agus caighdeán taithí mac léinn
C. Taighde, Nuálaíocht agus Fiontar	4. Taighde agus nuálaíocht d'ardchaighdeán agus iomaíoch go hidirnáisiúnta 5. Páirtíocht níos fearr le fiontar agus an pobal agus malartú eolais leabaithe
D. Comhoibriú agus Rannpháirtíocht Réigiúnach	6. Idirnáisiúntacht níos fearr
E. Inbhuanaitheacht agus Úsáid Acmhainní	7. Comhdhlúthú

Tá roinnt spriocanna ar leith leagtha síos sa chomhaontú agus beidh na spriocanna seo anois ina bpáirt thábhachtach sna pleananna do réimsí fheidhmiúil. Glacann an prionsabal príomha sa Phlean Straitéiseach 2014-17 isteach gach eilimint de straitéis na hInstitiúide ar a n-áiritear Comhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean na hInstitiúide.

Chomh maith leis seo, thug na critéir d'Ollscoil Teicneolaíochta (TU) eolas faoi na spriocanna atá le baint amach sna pleananna do réimsí feidhmiúcháin.

4.2 Tagarmharcáil Institiúide

Tá na Próifílí Institiúideach agus Earnála do na blianta 2010/11 agus 2011/12 foilsithe anois ag an HEA. Tá na próifílí seo uileghabhálach agus clúdaíonn siad níos mó ná 80 sonraí tomhaiste difriúla do gach ceann de na 7 Ollscoil, 14 Institiúid Teicneolaíochta, agus 6 choláiste eile. Tá tús curtha ag LYIT leis an eolas seo a thagarmharcáil d'fheidhmíocht na hInstitiúide agus baineadh úsáid as na sonraí seo chomh maith chun spriocanna réalaíocha a bhunú atá le bheith faighte trí chur i bhfeidhm an phlean straitéisí seo.

Cuirtear sonraí an HEA do gach institiúid ardoideachais i láthair faoi deich gceannteideal: Líon Mac Léinn, Meascán Smachta, Rannpháirtíocht, Idirnáisiúnú, Teagasc agus Foghlaim, Taighde, Aistriú Eolais, Foireann, Sonraí Airgeadais, agus Spás. I dtaca le critéir rannpháirtíochta, tá LYIT breá láidir: mic léinn ó Chontae Dhún na nGall, mic léinn ónár réigiún féin, mic léinn ó theaghlaigh leathoilte/neamhoilte, mic léinn lánfhásta, agus mic léinn le míchumais. Léiríonn an dul chun cinn láidreacht eile de chuid LYIT, le leibhéil na mic léinn a théann ar aghaidh ó bhliain 1 go bliain 2 i gcuid mhór cásanna – tá siad i bhfad níos airde ná an meán don rannóg Institiúide Teicneolaíochta. Maraon leis sin, tá an tInstitiúid i bhfad níos fearr ag mealladh céatadán ard de mic léinn ó thíortha eile de chuid an AE agus ó thíortha nach bhfuil san AE. Is iad na dúshláin atá ag LYIT ná áiteanna ina bhfuil tionchar ag scála institiúideach orthu, macasamhail líon iomlán na mac léinn agus caiteachas in aghaidh gach mac léinn.

Is córas iltoiseach é U-Multirank a úsáidtear i gcomhair ollscoileanna agus coláistí a ghrádú, ag clúdach gnéithe áirithe d'ardoideachas, taighde agus foghlaim, treoshuíomh idirnáisiúnta, aistriú eolais agus rannpháirtíocht réigiúnach. Cuireann tionscnamh U-Multirank ar fáil gráid neamhspleách do na HElanna agus tugann Aontas na hEorpach tacaíocht dó sna blianta tosaigh.

Éascaíonn U-Multirank comparáid idir corradh le 850 HEI, 1,200 dáimh agus 5,000 clár staidéir ó 70 tír. Ó na sonraí a bhí ar fáil ó Mhárta 2014, ní raibh ach ceithre réimse staidéir ainmnithe (Staidéir Ghnó, Innealtóireacht Leictreach, Innealtóireacht Mheicniúil agus Fisic) agus bhí LYIT ar cheann amháin de cheithre Institiúid Teicneolaíochta a hainmníodh ar liosta ar a raibh 10 HEI Éireannach.

Tá sé soiléir go mbeidh tagarmharcáil na HElanna, tríd na próifílí do HEA, torthaí ón Suirbhé Éireannach ar Rannpháirtíocht Mac Léinn (ISSE) agus Suirbhé Náisiúnta bliantúil na bhFostóirí, ina ghné mhéadaitheach de phleanáil ardoideachais in Éirinn san am atá amach romhainn agus tá rún daingean ag an LYIT na sonraí seo go léir a úsáid chun cuidiú le forbairt na hInstitiúide thar shaolré an phlean straitéisí seo.

4.3 Pleananna Réimsí Fheidhmiúla

Na príomhdhoicméid a ghabhann leis an bPlean Straitéiseach 2014-17 is ea na pleananna limistéir fheidhme seo a leanas:

Foghlaim agus Teagasc	Eastáit
Taighde	Teicneolaíocht
Caighdeán	Forbairt Seirbhíse
Scoileanna Acadúla	Nuáil agus Rannpháirtíocht Sheachtrach
Airgeadas	Campas na gCealla Beaga
Acmhainní Daonna (HR)	Comhoibriú

Tá an plean straitéiseach tiomanta le tógáil ar acmhainn na hInstitiúide i dtaca le sonraí a ghabháil, aithne a chur ar tháscairí oiriúnacha d'fheidhmíocht phríomha, agus ag meaitseáil spriocanna do réimsí feidhmíochta aonaracha leis an chomhaontú. Cuireann Treoirlínte an HEA do chríochnú comhaontaithe feidhmíochta bunaithe ar mhisean (Iúil 2013) ar fáil creat an-úsáideach le monatóireacht a dhéanamh ar bhaint amach aidhmeanna indibhidiúla.

Tugann an comhaontú acmhainn thábhachtach chun monatóireacht agus fíorú a dhéanamh ar bhaint amach aidhmeanna indibhidiúla, ach, mar sin féin, ní chabhraíonn sé le leagan amach an iliomad gníomhaíochtaí comhchodanna atá le bheith curtha i gcrích ná ní aithníonn sé an bainisteoir sinsearach indibhidiúil a bhfuil freagracht aige nó aici. Ar mhaithe le pleanáil oibriúcháin a ardú, tá colúin bhreise ar *Ghníomhaíochtaí Comhchodanna*, *Úinéireacht*, *Dul Chun Cinn*, agus *Barúlacha* curtha isteach i dteimpléad an phlean don réimse feidhmíochta.

Tá sé riachtanach do gach teimpléad do gach aidhm sa Chomhaontú Feidhmíochta Bunaithe ar Mhisean an ráiteas d'aidhm na hInstitiúide a bheith aige maraon le haitheantas ar táscaire feidhmíochta, sonraí bunlíne, agus roghnú na spriocanna eatramhacha do chríoch na bliana 2014 agus do chríoch 2015, agus na spriocanna deiridh do 2016. Maidir le pleananna bhliantúla do réimsí feidhmíochta an LYIT, glacadh agus rinneadh athbhreithniú ar na heilimintí seo de dhea-chleachtas ón chomhaontú feidhmíochta. Siad sin:

- *Aidhmeanna* atá leagtha síos ag LYIT le bheith bainte amach ag deireadh an Phlean Straitéiseach 2014-17.
- *Táscairí feidhmíochta* ónar féidir monatóireacht nó measúnacht a dhéanamh ar na gníomhaireachtaí comhpháirteacha atá bainteach leis an aidhm – ba chóir go mbeadh siad seo d'ardleibhéal, nó táscairí feidhmíochta príomha amháin, cé nach gá dóibh a bheith cainníochtúil. I roinnt cásanna, b'fhéidir go mbeadh baint ag na táscairí le próisis atá curtha i gcrích seachas méadracht nó luachanna a baineadh amach.
- Séard atá i gceist le *Bunlíne* don táscaire feidhmíochta ná an dóigh ina ndéanfar dul chun cinn a thomhais – is é seo an suíomh fíoraithe óna dtosaíonn an institiúid an bhliain acadúil.
- *Spriocanna* atá leagtha síos ag an institiúid i dtaca le gach gníomhaíocht chomhpháirte a bhaineann leis an aidhm don bhliain acadúil reatha.

Beidh teimpléad i gcomhair monatóireacht a dhéanamh ar ghnóthú na spriocanna ina chuid lárnach de gach plean réimse feidhme. Brisfidh an teimpléad monatóireachta síos gach sprioc straitéiseach i dtéarmaí gníomhaíochtaí comhbhaill, úinéireacht, táscairí feidhmíochta, bunseasamh, spriocanna, dul chun cinn (ráithiúil) agus fágfaidh sé áit do thráchtanna breise.

lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil

5. Forbairt Plean

I mí Mhéan Fómhair na bliana 2013 bunaíodh Grúpa Stiúrtha beag chun cabhrú le treorú na hInstitiúide tríd an fhorbairt ar an phlean a bhí le teacht i ndiaidh Plean Straitéiseach 2007-13. Iarradh ar an ghrúpa dea-chleachtas i bpleanáil straitéiseach a aithint, scanadh timpeallachta oiriúnach a chur i gcrích, comhordú a dhéanamh ar chomhairliúchán inmheánach agus seachtrach, eilimintí éagsúla den phlean a bhí ag nochtadh a dhréachtú, agus plean deiridh a chuirfeadh san áireamh an t-aiseolas a fuarthas a chur i gcrích.

Cuireadh taisclann dhigiteach ina raibh doiciméid thábachtacha ar fáil do bhaill foirne na hInstitiúide ag deireadh Eanáir 2014. San áireamh sa taisclann seo, bhí iomlán na bhfoilseacháin ábhartha ón HEA, iomlán taiscthí ón LYIT chuig HETAC agus an HEA don tréimhse 2007-13, na pleananna straitéiseacha de gach Institiúid Teicneolaíochta agus Ollscoil sa tír, agus roinnt treoirleabhar dea-chleachtais i gcomhair forbairt a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha ardoideachais.

Cuireadh tús leis an phróiseas comhairliúcháin le seisiún iomlánach ar an 24 Eanáir 2014, le trí chainteoir seachtrach: Tom Boland, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Ard-Oideachas (HEA); an tOllamh Philip Nolan, Uachtarán Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad; agus an Dochtúir Mary Fleming, Ceann na Scoile Oideachais, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh.

5.1 Comhthéacs Pleanála Straitéisí

I gcomhthráth leis an seimineár Institiúideach an-rathúil seo, d'fhoilsigh an Grúpa Stiúrtha a chéad doiciméad darbh ainm Strategic Planning Context. Rinneadh an doiciméad seo a dhréachtú le heolas a thabhairt ar fhorbairt Plean Straitéiseach 2014-17 agus tá achoimre ann ar ghníomhaíocht an LYIT ó 2007-13, scrúdú ar thimpeallacht oibre na hInstitiúide agus próifíl na hInstitiúide do mhí na Nollag 2013 san áireamh.

Seo thíos achoimrí gearr ar na tionscnaimh ar tugadh aghaidh orthu sa chéad doiciméad seo:

5.1.1 Comhaontas Straitéiseach Gheata bhealaigh an Iarthuaiscirt (NWGSA)

Ar an 17 Feabhra 2008, d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin, TD, mionsonraí faoi leithdháileadh an mhaoiniúcháin de réir Sraith 2 den Chiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF). I measc na dtograí ar éirí leo, bhí Comhaontas Straitéiseach Gheatabhealaigh an Iarthuaiscirt (NWGSA) atá dírithe ar chomhoibriú níos dlúithe a fhorbairt idir an LYIT agus Ollscoil Uladh. Cuireadh costas de €1,786,000 leis an togra, le €893,000 ag teacht ón Chiste Nuálaíochta Straitéiseach.

Bhí sé mar aidhm ag SIF nuálaíochta a spreagadh san ardoideachas agus sa taighde trí chomhoibriú idir institiúidí. Bhí Comhaontas Straitéiseach Gheatabhealaigh an Iarthuaiscirt ina thogra comhoibritheach le hOllscoil Uladh.

Rinneadh an cás sa togra go raibh an comhoibriú a bhí beartaithe ar aon dul le polasaí rialtas ar dhá thaobh na teorann, go háirithe an tosaíocht faoin Comhoibriú Uile-Oileáin sa Phlean Forbartha Náisiúnta (NDP) 2007-2013 i gcomhair: Uasghrádú suntasach a dhéanamh ar inniúlacht ardoideachais san Iarthuaiscirt agus i réigiún na teorann a bhuíochas do chomhaontais straitéiseacha idir institiúidí oideachais, Thuaidh agus Theas araon.

Cuireadh in iúl sa togra chomh maith go ndíríonn an Straitéis Náisiúnta Spásúlachta (NSS), 2002-2020, ar chur ar fáil forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus fisiceach a bheas cothromaithe níos fearr trí naoi gheatabhealach nó innill fáis. Tá Leitir Ceanainn agus Doire ainmhithe mar gheatabhealach nasctha agus an t-aon gheatabhealach trasteorann, sé sin Geatabhealach an Iarthuaiscirt. Go sonrach, faoi fhorbairt réigiúnach, tagraíonn an NDP do láidriú inniúlacht nuálaíochta san LYIT tríd a comhoibriú le hOllscoil Uladh. Tarraingíonn an Straitéis Forbartha Réigiúnach do Thuaisceart Éireann 2025, Shaping Our Future (2001), aird ar an tábhacht atá le láidriú a dhéanamh ar Dhoire mar an chathair réigiúnach agus mol iompair an Iarthuaiscirt.

Is é aidhm an togra ná treoirphlean a fhorbairt le huasghrádú suntasach a dhéanamh ar inniúlacht ardoideachais san Iarthuaisceart agus i réigiún na teorann a bhuíochas do chomhaontas straitéiseach idir LYIT agus Ollscoil Uladh.

5.1.2 Athbhreithniú Institiúideach LYIT 2008

Chuimsigh an comhthéacs d'fhéinmheastóireacht fócas láidir an LYIT ar fheabhsú bainistíocht acmhainne, feidhmiú céimneach leanúnach ar Phlean Straitéiseach 2007-13, scrúdú ar ghníomhaíocht na hInstitiúide le cúig bliana anuas, agus go speisialta athbhreithniú ar iarratas an LYIT ar chumhacht bronnta dámhachtanaí faoi údarás tarmligthe ó HETAC ón bhliain 2004. Maraon leis na cuspóirí atá leagtha síos ag HETAC, tá sé de rogha ag institiúidí aidhmeanna breise a chur isteach mar chuid den phróiseas athbhreithnithe agus chuir LYIT an togra do Chomhaontas Straitéiseach Gheatabhealaigh an Iarthuaiscirt san áireamh.

Cuireadh an t-athbhreithniú institiúideach faoi bhráid i mí na Nollag 2008 agus thug sainphainéal HETAC, faoi stiúir an tOllamh Tom Collins, cuairt ar an Institiúid ón 19-21 Eanáir 2009. Mhol an painéal an tInstitiúid i dtaca le roinnt réimsí ach rud suntasach a dúirt siad ná gur mhol siad go mór an éacht a bhí bainte amach ag an Institiúid ar an taighde ceannródaíoch thuaidh-theas agus ar an cur chuige do chomhoibriú thuaidh-theas trí Comhaontas Straitéiseach Gheatabhealaigh an Iarthuaiscirt. Dúirt an painéal chomh maith go bhfuil an tionscnamh seo sonrach ach go háirithe de bharr nár leag na critéir agus na téarmaí tagartha don Chiste Nuálaíochta Straitéiseach (SIF) aon rud síos dá leithéid de thogra.

5.1.3 Aighneacht PRTLI 2009

Rinneadh forbairt ar aighneacht taighde ón LYIT, le tacaíocht shuntasach ó Ollscoil Uladh, sa bhliain 2009/10 chun maoiniú a lorg faoi Sraith 5 den Chlár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéil (PRTLI) de chuid an HEA. Cuireadh iarratas an LYIT ar PRTLI i láthair ina dhá chuid, togra infreastruchtúir, an Áis Taighde Eolaíochta agus Teicneolaíochta (STRF) agus togra struchtúrtha PhD, an Clár Dochtúireachta do Thaighde an Iarthuaiscirt (NWRDP). I measc na hinsoláthraithí a haithníodh do na tograí seo, bhí soláthar d'áis úrscothach do thaighde eolaíochta, forbairt ar chlár struchtúrtha PhD, bunú ar fhoirne taighde, giniúint d'aischur láidir taighde, tuilleadh forbartha ar thaighde comhoibritheach ar mhaithe le mais chriticiúil a bhaint amach, agus le bheith mar mhaighnéad chun fostaíocht ardluacha a mhealladh go dtí an réigiún.

Chuirfeadh maoiniú ón NWRDP ar fáil rochtain ar shaineolas taighde agus ar áiseanna den scoth in dhá ionad barr feabhais de chuid Ollscoil Uladh agus chuig cláracha agus struchtúir a thugann tacaíocht d'oideachas PhD san Ollscoil. Thug an togra comhoibríoch seo le chéile an roinn taighde bithleighis ab fhearr sa RA (RAE 2008, Health Professions and Studies), an tInstitiúid do Thaighde ar Eolaíochta Bithleighis i gcampas Ollscoil Uladh i gCúil Raithin, agus an tIonad do Bhiteicneolaíocht Fheidhmeach Muirí (CAMBio) san LYIT i gcomhair trí phacáiste oibre. Bhí baint ag an ceathrú ceann le campas Magee (Doire) in Ollscoil Uladh, áit a bhfuil Ionad Taighde do Chórais Cliste Ionnaithe, ionad barr feabhais atá aitheanta go hidirnáisiúnta, agus grúpa Taighde Rada-bhraiteoir (WiSAR) le LYIT.

D'éirigh go maith leis an dá thogra faoi Céim I den phróiseas meastacháin atá ag PRTLI; mar sin féin, ní bhfuair na tograí cistiúchán i ndiaidh an chéim deiridh (Céim II) in ainneoin gur mhol an painéal idirnáisiúnta go dtabharfaidh maoiniú do thogra NWRDP. Bhí na piarmheasúnóirí idirnáisiúnta "cinnte dearfa go mbeadh tionchar an-mhór ag an togra ar an réigiún dá n-éireodh leis." Dúirt na piarmheasúnóirí idirnáisiúnta do thogra STRF é seo a leanas: "De bharr an rud atá molta anseo agus an tábhacht réigiúnach a bheadh leis, creideann na piarmheasúnóirí gur chóir machnamh a dhéanamh ar seo ag leibhéal sinsearach Rialtais seachas a dhul tríd PRTLI agus ba chóir tacaíocht réigiúnach a lorg chomh maith."



5.1.4 Meastóireachtaí Tréimhsiúla Clár 2012

Bhí cuid mhór oibre le déanamh in 2011/12 chun na Meastóireachtaí Tréimhsiúla Clár (PPE) a dhéanamh i ngach ceann de cheithre Scoil na hInstitiúide. Chuir Mír 4 de Lámhleabhar na hInstitiúide um Dhearbhú Cáilíochta teimpléad ar fáil d'fhorbairt an doiciméadú PPE agus bhí an Comhairle Acadúil an-ghníomhach sa dara cuid den bhliain acadúil, ag obair leis na bainisteoirí acadúla le déanamh cinnte go mbeadh an doiciméadú ar aon dul leis na próisis do dhearbhú cáilíochta agus don Chreat Athbhreithnithe do Mhodhúlúchán agus Seimeastrú. Cuireadh an próiseas PPE i gcrích i ndiaidh cuairteanna a thug an ceithre Sainghrúpa Seachtrach chuig an Institiúid i mí na Bealtaine 2012:

- An Scoil Turasóireachta, 22 Bealtaine 2012.
- An Scoil Ghnó, 23 Bealtaine 2012.
- An Scoil Eolaíochta, 24 Bealtaine 2012.
- An Scoil Innealtóireachta, 31 Bealtaine 2012.

5.1.5 Connacht-Ulster Alliance and the Regional Cluster

I ndiaidh an fhoilsiú ar an Straitéis Ardoideachais, ritheadh cruinniú struchtúrtha ina raibh na cúig Institiúid Teicneolaíochta laistigh de ghréasán an Líonra rannpháirteach: LYIT, IT Shligigh, GMIT, AIT agus DKIT. Mar thoradh ar na comhráití sin, rinneadh Socrú do Chomhaontas Straitéiseach a dhréachtú le clúdach a thabhairt do na trí Institiúid Teicneolaíochta i gConnacht-Uladh (Comhaontas). A bhuíochas don chomhaontas seo, thiomnaigh na páirtithe LYIT, IT Shligigh agus GMIT seachadadh a dhéanamh ar aidhmeanna straitéiseacha comhaontaithe chun freastal ar na riachtanais ardoideachais atá ag réigiún Chonnacht-Uladh.

Beidh na tréithe seo a leanas ag an comhaontas seo:

- ceannaireacht ar fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta réigiún Chonnacht-Uladh, trí rochtain níos fearr agus soláthar de chláracha a bheas ábhartha do thionscal agus cláracha ardoideachais a bheas dírithe go proifisiúnta

- caidreamh oibre fuinniúil leis an phobal gnó, ar a n-áiritear fostóirí i réigiún Chonnacht-Uladh, ag a mbeidh ról corparáideach i gcur ar fáil treo agus treoir ar sholáthar oideachais. Déanfar forbairt ar an chomhshraith clár a ofrálann an Comhaontas le bheith fóirsteanach do riachtanais na bhfostóirí, na mic léinn agus an pobal níos leitheadaí.

- clár solúbtha teagaisc agus foghlama a thógas ar a chlú bunaithe do sheachadadh cost-éifeachtúil agus ar-líne

- rochtain níos fearr do mhic léinn, aistriú agus conairí gairme idir agus trí na hinstitiúidí sa Chomhaontas

- aitheanta go seachtrach mar chomhaontas ardoideachais a bhfuil próifíl ard aige in airéine an Ardoideachais Eorpaigh mar gheall ar a sholáthar foghlama agus teagaisc atá curtha ar an eolas ag taighde feidhmeach.

- comhaontas ardoideachais a chuireann ar fáil taithí foghlama luachmhar, atá aitheanta go hidirnáisiúnta, do mhic léinn agus a thugann deiseanna fostaíochta níos fearr dóibh, mar a léiríonn an éileamh ar a cláracha agus a céimithe atá infhostaithe chomh luath is atá a gcláracha staidéir curtha i gcrích acu

- a bhuíochas do chomhpháirtíocht, ag cur ar fáil na seirbhísí níos éifeachtúla ó thaobh costas de

- rochtain níos dírigh agus níos éifeachtaí ag gnónna agus an pobal níos leitheadaí ar réimse iomlán na seirbhísí d'aistriú eolais, do thacaíocht gnó agus do ghorlanna.

Beidh an fócas dírithe orthu seo a leanas:

- cur ar fáil foghlaim solúbtha
- taighde agus nuáil
- seachadadh saincheaptha do thionscal
- nascanna le hoideachas áitiúla agus le boird traenála
- earcú mac léinn idirnáisiúnta agus forbairt foirne.


lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil



5.1.6 Páirc Eolaíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt

I mí na Samhna 2012, fógraíodh go bhfaigheadh an LYIT, i gcomhar le Páirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann (NISP), Béal Feirste, maoiniú de €14 milliún do thogra Pháirc Eolaíochta Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRSP) i gcomh-gheatabhealach NSS Leitir Ceanainn/Doire. Is é seo dámhachtain uile-oileáin iontach suntasach ó Interreg/SEUPB, atá deartha le Páirc Eolaíochta 50,000 troigh cearnach a thógáil i nDoire agus fairsingiú a dhéanamh ar an CoLab atá san LYIT le 20,000 troigh cearnach breise. I measc páirtnéirí an togra, tá Páirc Eolaíochta Thuaisceart Éireann (NISP), Foundation Ltd, LYIT agus an Grúpa Trasteorann do Réigiún an Iarthuaiscirt (NWRCBG).

Is tionscnamh do thacaíocht gnó agus aistriú teicneolaíochta atá sa NWRSP chun:

- Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do nuáil atá stiúrtha ag daoine óga, gnónna ardfáis bunaithe ar eolas, agus iad sin atá i bhfách le leathnú a dhéanamh;
- Timpeallacht a chur ar fáil inar féidir le gnónna níos mó agus gnónna idirnáisiúnta forbairt a dhéanamh ar dhlúth-idirghaol ar leith le cruthú na n-ionad eolais san Iarthuaisceart dá gcomhshochar;
- Nacsanna foirmeálta agus oibriúcháin a bheith ann le cruthú ionaid eolais, macasamhail le hOllscoil Uladh agus an LYIT, chomh maith le hinstitiúidí ardoideachais eile agus le heagraíochtaí taighde.

5.1.7 Próifíl na hInstitiúide

Is iad seo a leanas na sonraí maidir le próifíl na hInstitiúide:

- Líon Mac Léinn Lánaimseartha
- Clárú Páirtaimseartha
- Punann na gClár
- Airgeadas agus Foireann na hInstitiúide
- Gníomhaíocht Taighde, Nuálaíochta agus Fiontair

5.2 Plean Straitéiseach – Scanadh Timpeallachta

Cuireadh an doiciméad, Plean Straitéiseach – Scanadh Timpeallachta, ar fáil don fhoireann ar an 28 Feabhra 2014. Sa chéad chuid den doiciméad, bhí achoimre déanta ar dhoiciméid eochairpholasaí, ar a n-áiritear an Straitéis Náisiúnta Ardoideachais suas go dtí 2030 (Eanáir 2011), doiciméad ón HEA darb ainm Towards a Future Higher Education Landscape (Feabhra 2012), Tuairisc HEA chuig an Aire (Aibreán 2013), Graduating to Success: A Higher Education Strategy for Northern Ireland (Aibreán 2012), Review of Apprenticeship Training In Ireland (Nollaig 2013). Dhírigh na hachoimrí ar eilimintí a thabharfadh léargas ar an dóigh ina dtiocfadh ardoideachas in Éirinn chun cinn sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, deiseanna féidearthachta do LYIT thar thréimhse na straitéise nua agus, go speisialta, deiseanna do chomhoibriú trasteorann.

Sa dara cuid den doiciméad, tá próifíl dár réigiún agus cuirtear i láthair sonraí ábhartha náisiúnta. Áiritear sa phróifíl sin daonra de réir contae, staitisticí achoimrithe do Dhún na nGall, daonra de réir aoisghrúpaí, gnóthachtáil oideachais, sonraí fostaíochta, sonraí Ardteistiméireachta do 2013, agus fad taistil idir suíomhanna de chuid HEI. Tugann roinnt léarscáileanna dlús an daonra, sonraí fá dhaonra sna bailte móra, scrúdú ar fhás daonra de réir contae idir dhaonáireamh na bliana 2006 agus daonáireamh 2011, agus scrúdaítear gluaiseacht an daonra amach as Baile Átha Cliath idir 2006 agus 2011. Tugtar sonraí chomh maith faoin líon mac léinn as Dún na nGall san institiúid ardoideachais a rinne an Ardteist sa bhliain 2013. I dtaca le Tuaisceart Éireann de, cuireann an Dúiche Rialtais Áitiúil nua na sonraí déimeagrafacha sin i láthair.

lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil

Understanding Nutrition
Human Nutrition and Dietics
Nutrition
Teaching Health Behaviour
Teaching for Health
Natural Prescriptions
Roecker's Digest

5.3 Comhairle ar Dhréacht-Doiciméadacht

Rinne gach ceann de choistí an Chomhairle Acadúil machnamh ar an phlean straitéiseach nua roimh chruinniú an Chomhairle Acadúil ar an 7 Márta 2014. I ndiaidh aiseolas a fháil ón Chomhairle, rinneadh leasú achoimrithe ar an phlean le tabhairt d'fhoireann na hInstitiúide.

Socraíodh cruinnithe ag leibhéal scoile agus feidhme le dearcadh bhall foirne na hInstitiúide a fháil. Chun go ndéanfaí machnamh ar na rudaí céanna ag na cruinnithe go léir, cuireadh cúig cheist chun tosaigh, mar a leanas:

Ceist 1: Tabhair achoimre ar do chuid tuairimí ar cad atá i ndán d'earnáil na hInstitiúide Teicneolaíochta agus ainmnigh roghanna a d'fhéadfadh bheith i gceist do LYIT sa todhchaí.

Ceist 2: An bhfuil na hathbhreithnithe atá molta do ráiteas Misin na hInstitiúide níos fearr? Déan sainaithint ar ghnéithe eile a d'fhéadfaí a phlé d'athscríobh an Mhisean.

Ceist 3: Bhfuil na hathbhreithnithe atá molta do Fhís na hInstitiúide níos fearr? Déan sainaithint ar ghnéithe eile a d'fhéadfaí a phlé d'athscríobh na Físe.

Ceist 4: Caith súil siar ar na Treoirphrionsabail agus mol leasuithe a d'fhéadfadh na prionsabail seo a fheabhsú.

Ceist 5: Maidir leis na fearainn straitéiseacha agus na 25 sprioc atá liostáilte, tabhair do bharúil ar oiriúnacht na bhfearann agus aithnigh spriocanna faoi leith a d'fhéadfadh bheith níos láidre.

Reáchtáladh ocht gcruinniú ar ar fhreastail corradh le 125 ball foirne sna seachtainí roimh shaoire na Cásca. Siocair an tiomantas soiléir a léirigh baill foirne le linn dóibh bheith ag spíonadh an doiciméid agus a bpáirtíocht ghníomhach sa phróiseas comhairliúcháin, ciallaíonn sé sin go bhfuil acmhainn thábhachtach againn le Plean Straitéiseach 2014-17 a chur le chéile.

Chuidigh an t-aiseolas seo ón fhoireann fócas níos airde a thabhairt don Ráiteas Misin agus don Ráiteas Físe araon agus do na haidhmeanna aonaracha. Bhí aontú ginearálta ar aidhmeanna na bhfearann agus, den chuid is mó, ar fhócas na haidhmeanna aonaracha; mar sin féin, moladh roinnt bheag leasuithe. Bhí sé soiléir nár mhothaigh an fhoireann gur fhóir an Treoirphrionsabal a bhí molta d'imlíne an phlean agus cuireadh na Bunluachanna níos simplí isteach sa doiciméad athbhreithnithe.

Cuireadh le chéile achoimre den aiseolas ó bhaill foirne ar na cúig cheist agus tugadh do choistí an Chomhairle Acadúil é ar an 29 Bealtaine 2014 maraon le hathbhreithniú breise ar imlíne an phlean straitéisí. Bhí Cruinniú Speisialta den Chomhairle Acadúil ann ar an 13 Meitheamh 2014 chun machnamh a dhéanamh ar gach ghné den fhorbairt ar Phlean Straitéiseach 2014-17. Bhí an tUachtarán tiomanta le leanúint ar aghaidh le rannpháirtíocht leis an Chomhairle Acadúil nua a bhí ag teacht isteach ar mhaithe le leasuithe a dhéanamh ar an phlean deiridh ag an chruinniú den Bhord Rialaithe i mí na Samhna. Rinneadh éascú ar an idirgníomhaíocht leanúnach leis an Chomhairle Acadúil nua a bhúiochas do Coiste Pleanála na Comhairle. D'aontaigh an Bord Rialaithe leis an phlean deiridh ar an 6 Samhain 2014.

EVOLUTION
HEAD TURNS
AND DROPS
EARTHQUAKE


lyit
oideachas á chur
ar feadh an tsaoil
LOOKING AROUND
CURIOUS
DARKNESS
BACK OF HEAD

6. Leabharliosta

6. Leabharliosta

1) An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011) *An Straitéis Náisiúnta Ardoideachais go 2030*

2) An Roinn Oideachais agus Scileanna (2014) *Bille na Scéime Ginearálta d'Ollscoileanna Teicneolaíochta (General Scheme of Technological Universities Bill)*

3) An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (2014) *Plean Gníomhaíochta Post 2014 (Action Plan for Jobs 2014)*

4) Institiúid Eacnamaíoch agus Taighde Shóisialta (ESRI) (2012) *Staidéar ar Éileamh Ardoideachais sa Todhchaí (A Study 0f Future Demand for Higher Education)*

5) Forfás (2012) *Tuarascáil ón Ghrúpa Stiúrtha um Beartú Tosaíochtaí Taighde*

6) Grant Thornton (2014) *Tírdhreach Athraitheach: Athbhreithniú ar Shláinte Airgeadais an Earnáil Ardoideachais in Éirinn (A Changing Landscape:Review of the Financial Health of the Irish Higher Education Sector)*

7) An tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) (2008) *An Plean Náisiúnta do Chothromas Rochtana ar an Ardoideachas*

8) An tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) (2013) *Tuairisc chuig an Aire Oideachais agus Scileanna ar Athchumrú Córas, Comhoibriú Idir-Institiúideach agus Rialachas Córas in Ardoideachas na hÉireann*

9) An tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) (2013) *I dTreo Chreat Meastóireachta Feidhme: Próifíl d'Ardoideachas na hÉireann (Towards a Performance Evaluation Framework: Profiling Irish Higher Education)*

10) An tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) (2014) *Feidhmíocht an Chórais Ardoideachais, An Chéad Tuarascáil 2014-2016 Imleabhar I, Tuarascáil an Údaráis um Ard-Oideachais chuig an Aire Oideachais agus Scileanna*

11) An tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) (2014) *Feidhmíocht an Chórais Ardoideachais, An Chéad Tuarascáil 2014-2016, Imleabhar II, Próifílí Institiúdeacha agus Earnála 2011-12*

12) IBEC (2012) *Suirbhé Náisiúnta ar Dhearcadh Fostóirí ar Thorthaí Ardoideachais in Éirinn (National Survey of Employers Views of Irish Higher Education Outcomes)*

13) An Roinn Fostaíochta agus Foghlama, TE, (2012) *Graduating to Success: A Higher Education Strategy for Northern Ireland*

14) *Athbhreithniú ar Oiliúint Printíseachta in Éirinn* (2013) *(Review of Apprenticeship Training In Ireland* (2013)*)*

15) Solas (2014) *Straitéis Breisoideachais agus Traenála 2014-2019 (Further Education and Training Strategy 2014-2019)*